Ar dtús báire, thar cheann ár gceárdchumainn, Cumann Mheánmhúinteoirí Éireann, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Chomhchoiste seo as an gcuireadh a thug sibh dúinn teacht anso agus ár dtuairimí a roinnt libh ar an ábhar seo , An Córas Díolúintí i Leith Staidéar na Gaeilge sa Mheánscolaíocht.

Sa Straitéis 20 Bliain don teanga, 2010 – 2030, tá sé mar chuspóir ag an Roinn Oideachais an teanga a neartú sa chóras oideachais.

Is cúis áthais dúinn é go bhfuil an Comhchoiste seo ag coimeád súl ar obair na Roinne a bhaineann le múineadh na gaeilge.

Faoi mar a léirítear sa ráiteas a thugamar don Roinn i 2019, tacaímid go láidir le tábhacht na gaeilge i gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha na tire, go háirithe sa phobal éagsúil, ilchultúrtha atá ann anois.

Is cinneadh mór é díolúine ón ngaeilge a thabhairt do dhalta. Is é ár bpolasaí ná gur cheart gach deis a thabhairt do gach aon dalta an ghaeilge a bhlaiseadh agus a fhoghlaim agus nach dtabharfaí díolúine ach i gcásanna eisceachtúla nuair atá gá soiléir intomhaiste ann. Luíonn an cinneadh anois leis an scoil faoi dhíolúine a thabhairt. Is ceart agus is cóir sin, mar is fearr a thuigeann foireann na scoile riachtanais an dalta agus conas is fearr tacú leis na riachtanais sin.

Fáiltímid roimh Imlitir 55/22 a eisíodh i mí Lúnasa na bliana seo. Déanann an imlitir seo athbhreithniú ar an gcóras mar a bhí agus feicimid athruithe suntasacha inti ó thaobh cothromaíochta de, sa tslí ina mbronnfar díolúintí amach anseo.

Go dtí seo, ba mhinic a d'eagraigh tuistí, a raibh an t-airgead acu chuige, measúnú príobháideach dá bpáiste, chun díolúine a fháil. Ba mhinic leis nár tháinig an tuairisc a fuair siad le tuairim na scoile. Minic go leor, lean an dalta céanna le foghlaim teangacha eile, cuir i gcás an fhraincis nó an ghearmáinis. D'eascair imní faoi ionracas agus cothromaíocht an chórais as a leithéid.

Tá méadú as cuimse le feiceáil ar lion na ndíolúintí ón ngaeilge le blianta beaga anuas. Cuireann sé sin lagmhisneach ar mhúinteoirí, íslíonn sé stádas na gaeilge in aigne na ndaltaí agus chuireann sé amhras orthu faoi áit na teanga ina saol féin agus i saol na tíre.

Ag plé Imlitir 55/22, chun díolúine a fháil, tá cuid mhór de na coinníollacha céanna inti agus a bhí ann cheana féin, cuir i gcás

(i) dalta dhá bhliain déag a chaith trí bliana as a chéile lasmuigh den stát

(ii) daltaí le deacrachtaí liteartha fadtéarmacha a chuireann bac ar a gcumas foghlama

(iii) daltaí i ranganna speisialta nó scoileanna speisialta

Ta dhá bhonn breise san imlitir seo, siad sin

(iv) daltaí le drochriachtanais éagsúla a chuireann bac mór ar a saol ar scoil agus ar an gcaoi a fhoghlaimíonn siad

(v) daltaí atá i dteideal áit a fháil I rang speisialta nó i scoil speisialta

Rud eile fós, tá sé de cheart anois ag an gCoiste Achomhairc athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí go léir a úsáideadh sa scoil chun cinneadh a dhéanamh ar dhíolúine a thabhairt nó gan í a thabhairt agus treoir dá réir sin a thabhairt don scoil faoin díolúine sin.

Ag tagairt d'Imlitir 55/22, tacaímid le spiorad agus cur chuige na himlitreach. De réir dealraimh, tá riachtanais speisialta ag 21% de dhaltaí inár scoileanna. I measc na ndaltaí sin, tá réimse leathan éagsúil de riachtanais le cothú. Ní mar an gcéanna nariachtanais agus ní mar an gcéanna na modhanna cothaithe.

Fáiltímid roimh an gcóras atá ann anois a chuireann an cinneadh i lámha na scoile, ach caithfear an cinneadh a bhunú ar fhianaise shoiléir a bhailigh an scoil ar an dalta le himeacht ama. Caithfear fianaise choncréideach a thaispeáint, cuir i gcás, go bhfuil plean tacaíochta ar leith ag an dalta ar feadh tréimhse, go bhfuil curaclaim foghlama idirdhealaithe ag an dalta agus go bhbuil fianaise chonchréideach bailithe a thaispeánann nach bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an dalta le himeacht ama.

Fáiltímid leis roimh an athrú a ligeann don Choiste Achomhairc maoirseacht sheachtrach a dhéanamh ar an bhfianaise iomlán a d'úsáid foireann na scoile chun an cinneadh a dhéanamh ar an díolúine.

Molaimid an t-athrú a chuireann dualgas ar an scoil eolas a uaslódáil go míosúil ar an PPOD, an bunachar lárnach, chun a chur in iúl go bhfuil díolúine faighte ag dalta. Cuirfidh sé seo eolas ar fail go réidh, cuir I gcás nuair a thagann dalta nua isteach sa scoil, ní hionann agus mar a bhí. Mar seo, beidh an scoil in ann tacaíocht a chur ar fail don dalta sin in am cuí.

<u>Na dúshláín</u>

Tá na rudaí go léir a luadh cheana go breá i saol ídéalach, ach ní mhairimid i saol ídéalach. Is iomaí dúshlán atá sa chóras a chuireann isteach ar chumas na múinteoirí agus foireann na scoile i gcoitinne an obair a bhaineann leis an bhfoghlaim an dhéanamh go héifeachtach. Is féidir achoimre a dhéanamh an fhadhb in aon fhocal amháin, sé sin acmhainní nó is fearr a rá, easnamh acmhainní.

Sa bhliain 2017, nuair a thug an Roinn an modh nua isteach chun múinteoirí breise a dháileadh sna scoileanna, is trua mór é nár chuir siad clár traenála ar fáil do mhúinteoirí ranga nó fiú do mhúinteoirí don oideachais speisialta ar a laghad. Ag an am sin, cuireadh dualgas ar mhúinteoirí pleananna tacaíochta ar leith a ullmhú do dhaltaí le riachtanais speisialta. Ní mó ná sásta a bhí múinteoirí atá mar bhaill dár gCumann leis an ualach mór d'obair bhreise. Bhraith na múinteoirí ag an am agus braitheann siad fós níos mó ná riamh go bhfuil an obair seo dodhéanta, anuas ar an obair bhreise a bhaineann leis na hathruithe éagsúla eile atá sa mhullach orthu le blianta beaga anuas, gan aon chomhairliúchán.

Chun a bheith soiléir faoi, éilímid dhá rud go práinneach

a. Clár Forbartha Proifisiúnta leanúnach ar bhonn náisiúnta don oideachais speisialta
b. Post mar Comhordaitheoir don Oideachas Speisialta i ngach scoil, lasmuigh den cuóta.

Chun na cuspóirí atá leagtha amach ag an Roinn a chur i gcrích, tá trí rud ag teastáil -

1. Eolas proifisiúnta
2. Am ar Leith
3. Forbairt Proifisiúnta rialta leanúnach.

Sa taighde a rinne Red C sa bhliain dár gCumann, fuarthas amach go bhfuil cáilíocht san oideachais speisialta ag 20% de mhúinteoirí.

Ag tagairt arís do hacmhainní, is trua mór é a bhraithtear go géar i seomraí ranga na tíre i mbliana is ea an chaoi inar baineadh dínn an lacáiste a tugadh i rith an tréimhse COVID maidir leis an gcoímheas múinteoirí is daltaí. Tuigeann gach éinne gur cabhair mhór í do dhalta, agus deis iontach foglama, a bheith i rang le níos lú ná 20 dalta eile.

<u>Achoimre</u>

Ba cheart gur rud eisceachtúil í an díolúine agus go mbeadh fail ar an ngaeilge ag gach aon dalta ag a leibhéal cuí.

Mar fhocal scoir, tá sé tábhachtach rud mór eile a chuireann leis an meon diúltach i leith na gaeilge I measc daltaí a lua, agus tá sé pléite cheana againn níos luaithe sa bhliain leis an gComhchoiste seo, sé sin an curaclaim gaeilge, go háirithe an curaclaim don tSraith Shóisearach. Tá an t-ualach mór litríochta agus an léirmheas liteartha éigeantach míoiriúnach ar fad.

Caithfear tús áite a thabhairt do labhairt na teanga sa churaclam i dtreo is go mbeidh cumarsáid nádúrtha mar bhunchloch de mhúineadh agus foghlaim na gaeilge sa scoil.

Go raibh míle maith agaibh as éisteacht linn. Fáiltímid roimh aon cheisteann atá agaibh.